

- cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfheistíochta?
- méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?
- a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?

(¹) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 –
Fiscale Eenheid Achmea BV v Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam**

(Cás C-640/22)

(2023/C 35/29)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank Gelderland

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Fiscale Eenheid Achmea BV

Cosantóir: Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam

Na ceisteanna a tharchuirtear

- 1) An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL (¹) a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus “ciste infheistíochta speisialta” de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:
 - cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfheistíochta?
 - méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?
 - a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?
 - nach bhfuiltear ag cur go gníomhach leis an gciste pinsin a thuilleadh ón 1 Eanáir 2018 agus, mar gheall ar an gcóimheas cumhdaigh straitéiseach íseal, nach mór na sócmhainní go léir a aistriú chuig árachóir nó ciste pinsin eile?

- 2) An gceanglaítear leis an bprionsabal maidir le neodracht chánach, i dtaobh Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL a chur i bhfeidhm maidir le cistí nach GCUlanna ⁽²⁾ iad, nach mór a mheas ní hamháin an bhfuil siad inchomparáide le GCUlanna, ach freisin, ó thaobh an gnáth-thomhaltóra de, an bhfuil siad inchomparáide le cistí eile nach GCUlanna iad ach a mheasann an Ballstát gur cistí infheistíochta speisialta iad?

⁽¹⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

⁽²⁾ Gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe.

**Iarraidh ar réamhrialú ó Fechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 –
Y v Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam**

(Cás C-641/22)

(2023/C 35/30)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank Gelderland

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Y

Cosantóir: Inspecteur van de Belastingdienst Amsterdam

An cheist a tharchuirtear

An gcaithfear Airteagal 135(1)(g) den Treoir maidir le CBL ⁽¹⁾ a léiriú sa chaoi go bhféadfaí a mheas go bhfuil riosca infheistíochta i gceist do shealbhóirí i gciste pinsin amhail an ciste pinsin sna príomhimeachtaí, agus an gciallaíonn sé sin gurb ionann an ciste pinsin agus “ciste infheistíochta speisialta” de réir bhrí na forála sin? An mbaineann a leanas le hábhar:

- cé acu an bhfuil riosca infheistíochta aonair i gceist do na sealbhóirí nó nach bhfuil nó an leor gur ar na sealbhóirí go comhchoiteann agus ní ar aon duine eile na hiarmhairtí a bhaineann le torthaí na hinfeistíochta?
- méid an riosca chomhchoitinn nó aonair?
- a mhéid a bhaineann fachtóirí eile, amhail an líon blianta pinsin arna dhéanamh, an méid tuarastail agus an fachtóir lascaine, le méid an tsochair pinsin?
- go bhfuil rátháíocht go dtí EUR 250 000 000 curtha ar fáil ag an bhfostóir don tréimhse 2014 go 2020 d’fhonn an pinsean atá beartaithe a dhéanamh a bhaint amach?

⁽¹⁾ Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Rechtbank Gelderland (an Ísiltír) a taisceadh an 12 Deireadh Fómhair 2022 –
Stichting Pensioenfonds voor Fysiotherapeuten v Inspecteur van de Belastingdienst Maastricht**

(Cás C-642/22)

(2023/C 35/31)

Teanga an cháis: an Ollainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Rechtbank Gelderland

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Stichting Pensioenfonds voor Fysiotherapeuten